Courtesy of the National Library of Ireland

# Leathanach Oibre Grianghrafadóireachta

Déan cur síos ar a bhfuil le feiceáil sa ghrianghraf dubh is bán:

An bhfeiceann tú modh taistil ar bith?

_____

Amharc ar an bhóthar, an bhfuil dromchla breá mín air?

_____

An bhfuil leictreachas sna foirgnimh? Cad é mar atá a fhios agat?

_____

Amharc go cúramach ar an ghrianghraf daite nua-aimseartha::

Cad iad na foirgnimh úra a tchíonn tú?

_____

An bhfuil aon cheann de na seanfhoirgnimh fágtha?

_____

Cad iad na hathruithe a tchíonn tú ar an bhóthar?

_____

Cá mhéad comhartha bóthair úr a tchíonn tú? Cad chuige a bhfuil siad de dhíth orainn?

_____

_____

An síleann tú go raibh saol ní b'fhusa ag muintir an bhaile mhóir sa seanghrianghraf?
Tabhair trí chúis le do thuairim.

_____

_____

_____

Courtesy of the National Library of Ireland

# Leathanach Oibre Grianghrafadóireachta

Déan cur síos ar a bhfuil le feiceáil sa ghrianghraf dubh is bán:

An bhfeiceann tú modh taistil ar bith?

_____

Amharc ar an bhóthar, an bhfuil dromchla breá mín air?

_____

An bhfuil leictreachas sna foirgnimh? Cad é mar atá a fhios agat?

_____

Amharc go cúramach ar an ghrianghraf daite nua-aimseartha::

Cad iad na foirgnimh úra a tchíonn tú?

_____

An bhfuil aon cheann de na seanfhoirgnimh fágtha?

_____

Cad iad na hathruithe a tchíonn tú ar an bhóthar?

_____

Cá mhéad comhartha bóthair úr a tchíonn tú? Cad chuige a bhfuil siad de dhíth orainn?

_____

_____

An síleann tú go raibh saol ní b'fhusa ag muintir an bhaile mhóir sa seanghrianghraf?
Tabhair trí chúis le do thuairim.

_____

_____

_____

Courtesy of the National Library of Ireland

# Leathanach Oibre Grianghrafadóireachta

Déan cur síos ar a bhfuil le feiceáil sa ghrianghraf dubh is bán:

An bhfeiceann tú modh taistil ar bith?

_____

Amharc ar an bhóthar, an bhfuil dromchla breá mín air?

_____

An bhfuil leictreachas sna foirgnimh? Cad é mar atá a fhios agat?

_____

Amharc go cúramach ar an ghrianghraf daite nua-aimseartha::

Cad iad na foirgnimh úra a tchíonn tú?

_____

An bhfuil aon cheann de na seanfhoirgnimh fágtha?

_____

Cad iad na hathruithe a tchíonn tú ar an bhóthar?

_____

Cá mhéad comhartha bóthair úr a tchíonn tú? Cad chuige a bhfuil siad de dhíth orainn?

_____

_____

An síleann tú go raibh saol ní b'fhusa ag muintir an bhaile mhóir sa seanghrianghraf?
Tabhair trí chúis le do thuairim.

_____

_____

_____

Courtesy of the National Library of Ireland



# Leathanach Oibre Grianghrafadóireachta

Déan cur síos ar a bhfuil le feiceáil sa ghrianghraf dubh is bán:

An bhfeiceann tú modh taistil ar bith?

_____

Amharc ar an bhóthar, an bhfuil dromchla breá mín air?

_____

An bhfuil leictreachas sna foirgnimh? Cad é mar atá a fhios agat?

_____

Amharc go cúramach ar an ghrianghraf daite nua-aimseartha::

Cad iad na foirgnimh úra a tchíonn tú?

_____

An bhfuil aon cheann de na seanfhoirgnimh fágtha?

_____

Cad iad na hathruithe a tchíonn tú ar an bhóthar?

_____

Cá mhéad comhartha bóthair úr a tchíonn tú? Cad chuige a bhfuil siad de dhíth orainn?

_____

_____

An síleann tú go raibh saol ní b'fhusa ag muintir an bhaile mhóir sa seanghrianghraf?
Tabhair trí chúis le do thuairim.

_____

_____

_____

# Staidéir Áitiúla -
# Topaic: An Teach agus an Ceantar s'agamsa

Leathanach Oibre 1

**1870 Cnuasach William Lawrence**

**1899 Bunú Chomhairle Chontae Dhún na nGall**

**1903 An chéad stáisiún cumhachta leictreachais in Éirinn**

**AMLÍNE**

An raibh a fhios agat ?

## TITHE TUAITHE NA NOIBRITHE TALÚN:

Sa bhliain 1898 ritheadh an tAcht Rialtais Áitiúil d'Éirinn, faoinar bunaíodh Comhairle Chontae Dhún na nGall. Bhí an chéad chruinniú i Leifear ar an 22 Aibreán 1899. Faoin Acht seo fosta bunaíodh Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha sa Chontae. Ceann de na dualgais a bhí ar na comhairlí seo ná tithe úra a chur ar fáil dóibh siúd nach raibh in ann a dtithe féin a cheannach nó a thógáil. Sna ceantracha tuaithe thugtaí Tithe Tuaithe Oibrithe Talún ar na tithe seo agus idir 1899 agus 1924 thóg Comhairlí Ceantair Tuaithe Dhún na nGall 1,458 teach do na bochtáin go háitiúil. Na daoine a chuireadh isteach le dul a chónaí sna tithe úra seo, thugadh cigire an cheantair cuairt orthu agus scríobhadh sé tuairisc ar a gcoinníollacha maireachtála. D'úsáideadh na Comhairlí na tuairiscí seo le cinneadh a dhéanamh ar cé a ba chóir na tithe úra a fháil. De réir cuid de na tuairiscí cigireachta, bhí drochbhail ar fad ar chúrsaí tithíochta, mar a tchífidh tú ón tuairisc.
Sna chéad tithe seo, ní raibh uisce reatha ar bith, leictreachas ná leighris laistigh, ach ina aineoinn sin chuir siad feabhas mór ar choinníollacha maireachtála na mbochtán faoin tuath.

## CNUASACH LAWRENCE:

Is é atá i gCnuasach Lawrence ná cnuasach de bhreis agus 40,000 grianghraf a ghlac William Lawrence idir 1870 agus 1914. Thaistil Lawrence agus a phríomhghrianghrafadóir Robert French fud fad na hÉireann ag glacadh grianghraf de bhailte agus de shráidbhailte in achan chontae, Dún na nGall ina measc, agus ansin dhíoladh siad cóipeanna leis an phobal.
Go mall sa 19ú haois bhíodh gach grianghraf dubh agus bán. Bhíodh na ceamaraí an-mhór agus ghreamaíodh de sheastán iad, ar a dtugtaí "tríchosach". Dhéantaí na claonchlónna as gloine, agus mar gheall air sin bhíodh siad trom agus b'fhurasta iad a bhriseadh.
Tá Cnuasach Lawrence lonnaithe go sábháilte san am i láthair sa Chartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

## SA PHACA S'AGATSA GHEOBHAIDH TÚ:

1. Pleananna faoi choinne tithe oibrithe talún a bhí le tógáil i nDún na nGall i 1902.
2. Tuairisc a scríobh cigire tithíochta i 1902
3. Grianghraf de bhaile áitiúil ó chnuasach Lawrence, grianghraf nua-aimseartha agus leathanach oibre.

# Amharc ar an Fhianaise

Leathanach Oibre 1

## 1. Plean do Theach Oibrithe Talún, 1902

Is plean tí é seo ón bhliain 1902. An bhfuil difear mór idir seo agus an teach/árasán a bhfuil tú féin i do chónaí ann?
Tarraing pictiúr imlíneach de do theach féin, agus déan comparáid idir é agus an plean seo.
An bhfuil níos mó seomraí ann? An bhfuil na seomraí níos lú? Cad chuige sin, do bharúil?
An bhfuil na seomraí céanna sa teach s'agatsa, agus cad iad na rudaí breise a thug tú faoi deara?
Cá mhéad tinteán/simléar atá sa teach seo?
Cad chuige a bhfuil an oiread sin acu ann, do bharúil?
Cad é a bhí i gceist le "privy" agus cad chuige a raibh sé taobh amuigh den teach?
Cad é an úsáid a baineadh as an phantrach?

## 2. Tuairisc an Chigire Tithíochta, 1902

Liostáil trí chúis a thug an cigire as a mhaíomh nach raibh na tithe ag fóirstean le cónaí a dhéanamh iontu.
Cad é an chomparáid idir seo agus tithe an lae inniu?
Cad chuige, do bharúil, a raibh na tithe tais?

## 3. Grianghraif

Grianghraf de bhaile áitiúil é seo ag deireadh an 19ú haois.
Amharc go cúramach ar an ghrianghraf.
Bí thusa i do chartlannaí anois agus déan cur síos ar an ghrianghraf ar an leathanach taifeadta ar chúl.

**DÉAN OBAIR BHLEACHTAIREACHTA...**

Faigh amach cén bhliain ar tógadh an teach s'agatsa nó an scoil s'agatsa.
Amharc ar na tithe eile i do cheantar.
Cad iad na stíleanna tí atá coitianta i do cheantar?
An bhfuil foirgneamh ar bith i do cheantar níos sine ná céad bliain?
Déan iarracht a fháil amach.